# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**1ú Márta 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**
**28/02** Satharn 2 i.n. - Baisteadh
**28/02** Satharn 7 i.n.
Cait Mhic Pháidín, An Ardaí Bheag
**01/03** Domhnach 9 r.n.
**01/03** Domhnach 11 r.n.
Shaun Martin Mac Laifeartaigh, An Bhealtaine
**01/03** Domhnach 1 i.n. - Baisteadh
**02/03** Luan 7 i.n.
Ann Marie Gallagher,Aberdeen
**03/03** Máirt 10 r.n.
Teresa agus Jimmy Curran,An Fál carrach
**04/03** Céadaoin 7 i.n.
**05/03** Déardaoin 7 i.n.
**06/03** Aoine 7 i.n.
**07/03 Satharn 11 r.n.**
**An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00.**
**Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh**
Antóin agus Maireád Penrose, An Ardaí Bheag
**07/03** Satharn 1 i.n. Baisteadh
**07/03** Satharn 3 i.n. Baisteadh
**07/03** Satharn 7 i.n.
Michael Doherty, Glaschú/Caoldroim
**08/03** Domhnach 9 r.n.
**08/03** Domhnach 11 r.n.
Kitty Saunders, An Cheathrúin Íochtarach (C.Míosa)

**BÁS LE GAIRID**
Michael Curran,Baile an Teampaill/Loch an Iúir
Éamonn Ó Dubhchon, Mín Lárach
Phil Ward, Árainn Mhór/Londain
Teresa Gallagher,Gort a' Choirce/Glaschú
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
John Columb,An Ardaí Bheag

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan seachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**CRUINNIÚ AIRGID** Tógadh €1,190 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**AN DARA DOMHNACH DEN CHORGHAS A**

**AN CHÉAD LÉACHT:**
**Sliocht as leabhar Genesis. 12:1-4.**

Dúirt an Tiarna le Abrám: "Imigh ó do thír féin, agus ó do mhuintir féin agus ó theach d'athar chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit. Déanfaidh mé cine mór díot agus beannóidh mé thú agus dhéanfaidh mé d'ainm comh iomráiteach sin go mbeidh sé mar bheannacht ag daoine."Beidh mo bheannacht ar an mhuintir a chuirfidh beannacht ort.Beidh mo mhallacht ar an mhuintir a chuirfidh mallacht ort.Agus is tríotsa a dhéanfaidh ciníocha uile an domhain iad féin a bheannú."D'imigh Abrám amach mar sin de réir mar a dúirt an Tiarna leis. Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**
Tabhair dúinn do ghrá, a Thiarna,
de réir an dóchais a chuirmid ionat.

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as dara litir Naomh Pól chuig Timóteus. 1:8-10.**

A bhráthair, glac le do chuid féin den fhulaingt ar son an tSoiscéal de réir chumhacht Dé a shaor sinn agus a ghlaoigh orainn le bheith naofa, ní de réir ár n-oibreacha féin ach de réir mar a bhí ceaptha aige, agus de réir an ghrásta a tugadh dúinn in Íosa Críost na cianaoiseanna ó shin, agus atá a thaispeáint anois trí nochtadh ár Slánaitheora Íosa Críost, a chuir an bás ar ceal agus a thug chun solais tríd an Soiscéal, an bheatha agus an neamhbhásmhaireacht.
Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

**SOISCÉAL:**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir naomh Maitiú. 17:1-9.**

San am sin thug Íosa leis Peadar, Séamus agus a dhearthàir Eoin, agus threoraigh iad i leataobh go barr sléibhe. Tháinig claochlú air os comhair a súl; shoilsigh a aghaidh mar an ghrian agus d'éirigh a chuid éadaigh geal mar sneachta. Agus b'shiúd Maois agus Éilias ag caint leis. Labhair Peadar leis: "A Thiarna," ar seisean le hÍosa, "is maith dúinn a bheith anseo. Más é do thoil é, déanfaidh mé trí bhoth, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann do Éilias." Ní raibh an focal as a bhéal nuair b'shiúd néal soillseach ina scáil anuas orthu agus guth as an néal ag rá: "Is é seo mo Mhac ionúin ina bhfuil mo mhór thaithneamh; éistigí leis." Ar a chluinstin sin do na deisceabail, thuit siad ar a n-aghaidh agus tháinig eagla an-mhór ortha. Ach tháinig Íosa gur leag sé a lámh orthu agus dúirt leo: "Éirigí, agus ná bíodh eagla oraibh." Ar thógáil a súl dóibh, ní fhaca siad aon duine ach amháin Íosa é féin.
Nuair a bhí siad ag teacht anuas ón tsliabh, thug Íosa ordú daofa: "Ná hinsigí faoin taiseánadh seo do dhuine ar bith, nó go mbeidh Mac an Duine éirithe ó mhairbh."

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an chúig a chlog Dé Céadaoine.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30 i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30 i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00 i.n.
Bollaí (bowls) Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 28/02 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 01/03 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 01/03 @ 11.00: Orlaith Beatty, Ciara Ní Fhearraí & Jenna Nic Fhionnlaoich

Dé Sathairn 07/03 @ 7.00:
Dé Domhnaigh 08/03 @ 9.00:
Dé Domhnaigh 08/03 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**Rúndiamhair an Chreidimh**
**Gach uair a ithimid an t-arán seo**
**agus a ólaimid an chailís seo,**
**fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**25.04.26 - Cóineartú**
**23.05.26 - An Chéad Chomaoineach**

**CUARTAÍOCHT BHAILE**
Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, trathnóna Dé Luain, Dé Céadaoine agus Dé hAoine seo chugainn:

Dé Luain: Cill Ulta, Doire Chonaire
Dé Céadaoine: Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach
Dé hAoine: Sruthán, Gort a' Choirce, Fána Bhuí, An Bhealtaine, An Cheathrúin, An Ardaidh Mhór, An Ardaidh Bheag

**TEACHT LE CHÉILE**
Dé Domhnaigh seo caite, thug muid daoine le chéile mar phobal i dTeach a' Cheoil áit a raibh tae agus sólaistí againn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a chuidigh agus a thug tacaíocht dó. Bhí lá ar dóigh againn.

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**
Glígíní (Grúpa Tuismitheoirí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
**Dé Máirt**
Club Spóirt agus Spraoi- Naíonán- Ranga 2 @ 5.00-6.1 5 i.n. Damhsa Líne @6.30-8 @ 6.30 Tosaitheoirí 7.15-8 i.n Feabhsaitheoirí €5 & Club Óige Críost Rí 8.15-10
**Dé Céadaoine**
Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
**Déardaoin**
Aeróbaice Chathaoir 11-11.45 r.n
Ranganna tacaíochta Foghlama - Le clárú seol ríomhphoist chuig Sandra @tfchloichcheannfhaola@gmail.com 4-5 i.n.& 5-6 i.n.
Cardaí 7.30 i.n.€5
Bhain Angela Doohan, €139 ar an 50/50, comhghairdeachas.
Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 076924

**Medjugorje 31.03.2026**
Oilithreacht go Medjugorje Cáisc 2026. Márta 31ú @ 7 lá. Costas €899 le Treoraí Spioradalta Eolas ó Bheirní 087 935 3953
**Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026**
24ú Meitheamh ar feadh 5 óiche. €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**BAILIÚCHAN DO MARY'S MEALS**
Beidh sé ag geaftaí Theach an Phobail ar an 28ú Feabhra/1ú Márta

**POBAIL LE CHÉILE**
Cláraigh don chúrsa 'Bia Sláintiúil Déanta Éasca le Louise Ozbay. Baineann an cúrsa spraíúil seo le foghlaim cén dóigh béilí blasta cothaitheacha a dhéanamh ar níos lú airgid. Tá sé foirfe do achan aois agus cumas.
Dé Máirt 3 Marta 10.30 - 1.00. Garradh Cholmcille.
Spasanna teoranta. Cláraigh ar 0864557519.

**Pobal Eascarrach**
Club Obair Bhaile - Achan Luan 3.30 i.n. - 4.30 i.n.
Ranganna Comhrá Gaeilge Bunleibhéil - achan Luan 11 r.n.-1 i.n.
Ranganna Comhrá Gaeilge Meán/Ardleibhéil - achan Luan 1.15 i.n. go 3.15 i.n.
Rang Bunleibhéil Gaeilge - Dé Céadaoine 7-9 i.n.
Damhsa Líne achan Déardaoin 10.30-12 i.n.
Dúchas na nDaoine - Dúlra, fás glasraí, comhrá agus craic - achan tSatharn 10-1 i.n.
- Cláraigh do ranganna ag pobaleas@gmail.com nó 074 9180571 / 085 8670762

**LÉITHEOIRÍ - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n.Feardorcha Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Patricia Úí hArlaigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Mairéad Mhic Aoidh
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Anne Nic Suibhne & Mairead Ní Cholla
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóirín Nic Aoidh & Bríd McCurry
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus ó Briain & Pearse O'Reilly

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Baineadh an póta óir! Comhghairdeachas le Anne Boylan agus Louise Mc Fadden a bhain €50 an duine.
B'iad 1-2-8-9-12-20 na huimhreacha. Póta óir anois: €3,050